Seachtain Oidhreachta ag Teacht

Tá Comhar Creidmheasa Naomh Breandáin agus Gaeilge Locha Riach ag comhoibriú le grúpaí pobail arís i mbliana le linn Sheachtain Oidhreachta le roinnt imeachtaí a eagrú ar mhaithe le tábhacht oidhreacht an cheantair a ardú.

Tá **Turas Oidhreachta... ar an rothar** eagraithe go speisialta Satharn 21 Lúnasa. Tá an turas seo oiriúnach do gach uile duine sa teaghlach agus ba cheart go mbainfidh cách as a bheith amuigh faoin aer is ag foghlaim fán oidhreacht nádúrtha, tógtha is cultúrtha sa cheantar. Tiocfaidh daoine le chéile ag an seanreilig ag Garraí Bhríde i mBaile Locha Riach ag meán lae. Rachaidh an slua ag rothaíocht go Ballán le Cloch Túr Rua a fheiceáil, áit a mbeidh sos beag acu sula bhfillfidh siad ar Bhaile Locha Riach. Tá Gardaí, Civil Defence agus Seven Springs Cyclists le páirt a ghlacadh chomh maith.

Tá **Siúlóid Lán-Gealaigh** eagraithe i gcomhar le Kilchreest Ramblers Máirt 24 Lúnasa. Tiocfaidh daoine le chéile ag a naoi a chlog sa Village Inn, Cill Chríost agus rachaidh siad ar shiúlóid oidhreachta faoi sholas an ghealaigh. Siúlóid tras-tíre, trí choillte agus treoraithe ag daoine aitiúla ina dtugfar léargas ar sheanchas, stair is dúlra na háite.

Beidh **Dúshlán Shliabh Eachtaí** ar siúl Satharn 28 Lúnasa. Tiocfaidh an grúpa le chéile ag Teach a' Phobail, Gráig na Muillte Iarainn ag 11.00 r.n. agus ba chóir go mbeidh siad réidh ag 2.00 i.n. Caithfidh a rá gur siúlóid dúshlanach atá anseo do dhaoine fásta agus barr na sléibhe ar Ard Aoibhinn le baint amach. Tugfar léargas ar stair is dúlra an cheantair sléibhtiúil chomh maith. Níos déanaí ar an lá céanna beidh **Toraíocht Taisce/ BioBlitz** ina dtiocfaidh daoine beaga is móra le chéile ag coillte Choill Breac ag 3.30 p.m. Beidh uair a chloig ag daoine réimse leathan beatha éagsúla a bhailiú nó a thaifeadadh idir 4.00 agus 5.00 i.n. Faraor, caithfidh gach uile rud a ainmniú idir phlandaí, feithidí,

ainmhíthe, éanacha is eile. Ba cheart go mbeidh go leor spraoi i gceist do gach duine leis an imeacht áirithe seo. Ní amháin sin ach ba chóir go mbeidh siad ag foghlaim fá dhúlra na coille.
Le clabhsúr a chur le himeachtaí Sheachtain Oidhreachta in Oirthear na Gaillimhe, tá **'Féile an Phobail'** eagraithe i gCill Rícill, Domhnach 29 Lúnasa idir 1.30 agus 7.00 i.n. Lá mór ceiliúrtha don teaghlach ar fad é seo ina mbeidh ceol, bia, cluichí agus réimse imeachtaí ar siúl.

Tá tuilleadh eolais i dtaobh na himeachtaí ar fad ar fáil ó Comhar Creidmheasa Naomh Breandáin nó ó Gaeilge Locha Riach:
Sonraí Teagmhála:
Margaret Loughnane (091) 841773 ext. 5
naomhbrendaincu@eircom.net

Pádraig Ó Baoill (091) 870718 prua@lochariach.com

Seachtain Oidhreachta
National Heritage Week
21 - 29 Lúnasa

Turas Oidhreachta .....Ar an Rothar
Heritage Trail ..... On the bike
Garraí Bhríde go Túr Rua
Garrybreeda to Turoe
Satharn / Sat.
21 Lúnasa / August 12.00 – 3.00

Ar an Rothar

Siúlóid Lán-Gealaigh / Full Moon Walk
Teacht le chéile / Gathering Village Inn, Cill Chríost
Máirt / Tues.
24 Lúnasa / August
9.00 p.m.... 11.30 p.m

Siúlóid Lán-Gealaigh

Dúshlán Ard Aoibhinn
Sliabh Eachtaí Challenge
Teacht le chéile/ Gathering
Teach a' Phobail / Church
Gráig na Muillte Iarrainn /Woodford
Satharn / Sat. **28 Lúnasa** / August
11.00 – 2.00.

Dúshlán Ard Aoibhinn

Tóraíocht Taisce / Bioblitz
Treasure Hunt Bioblitz
Teacht le chéile / Gathering
Hill Bar, **Coill Breac** / Kylebrack
Satharn / Sat.
28 Lúnasa / August 3.30 – 5.00pm.

BioBlitz
Tóraíocht Taisce

Féile an Phobail, Cill Rícill
Community Day Out in Kilreekill.
Ceol, Bia & Imeachtaí Pobail. /
Music, Food & Community Events & Games.
Something for all the Family.
Domhnach / Sunday **29 Lúnasa** / August
1.30 – 7.00pm.

Féile an Phobail, Cill Rícill

GAELTACHT LOCHA RIACH

Foras na Gaeilge

IRELAND

Eolas/ Info: 091-870 718,prua@lochrariach.com,
margaretl@naomhbrendaincu.ie, 091-841 773 ext. 3